

An Chomhairle
Mhúinteoireachta



The Teaching Council

Nósanna Imeachta – Measúnachtaí ar Iarrataí ar Fhadú

Arna aontú ag an gComhairle
an 12 Márta 2019

1. Réamhrá

- 1.1** Leagtar amach sna nósanna imeachta seo ("na Nósanna Imeachta") mar a dhéanfar iarratais ar fhadú d'fhonn na coinníollacha a ghabhann le clárú múinteora a chomhlíonadh a mheas sa chás go bhfuil iarratais den chineál sin le meas ag Painéal Clárúcháin na Comhairle Múinteoireachta ("an Painéal") agus ag an nGrúpa Athbheithnithe maidir le Cúrsaí Clárúcháin ("an Grúpa").
- 1.2** Ullmhaíodh na Nósanna Imeachta i ndiaidh na nAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 – 2015 ("an tAcht"), Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú) 2016 (I.R. Uimh. 444 de 2016) agus Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú) (Leasú) 2016 (I.R. Uimh. 557 de 2016), a mheas, dá dtagraítear in éineacht sna Nósanna Imeachta mar "na Rialacháin".
- 1.3** Bíonn tús áite i gcónaí ag an Acht agus ag na Rialacháin ar na Nósanna Imeachta.
- 1.4** Is féidir leis an gCoiste Clárúcháin agus é ag gníomhú thar ceann na Comhairle ó am go chéile na Nósanna Imeachta a leasú.

2. An Coiste Clárúcháin

- 2.1** Tá coiste ar a dtugtar an Painéal Clárúcháin ("an Painéal"), curtha ar bun ag an gComhairle Mhúinteoireachta de bhun alt 24 an Acha.
- 2.2** Bíonn ar a laghad seachtar de chomhaltaí na Comhairle ar an bPainéal. Bíonn tromlach simplí d'iomlán na gcomhaltaí ag tráth an chruinnithe de dhíth maidir le córam ag cruinniú de chuid an Phainéil.
- 2.3** Ag gníomhú thar ceann na Comhairle, áirítear i measc rólanna an Phainéil, i measc rólanna eile, measúnú a dhéanamh ar stádas coinníollach múinteoirí cláraithe agus an stádas sin a chinneadh, lena n-áirítear iarrataí ar fhadú agus coinníollacha a thabhairt chun críche, seachas iad sin a cuireadh i bhfeidhm mar thoradh ar imeachtaí a bhaineann le feidhmiúlacht chun múineadh nó coinníollacha a cuireadh i bhfeidhm mar chuid de mheasúnú cuí oiriúnach an Phainéil ar Fhianaise Carachtair. D'fhéadfaí coinníollacha arna gcur i bhfeidhm mar thoradh ar mheasúnú cáilíochta Phainéal na gCáilíochtaí a mheas chomh maith, de réir mar is cuí.
- 2.4** Cruinnithe príobháideacha is ea cruinnithe an Phainéil.
- 2.5** Beidh cúnamh rúnaíochta ag an bPainéal ó dhuine nó níos mó ná duine amháin d'fhoireann na Comhairle Múinteoireachta ar a mbeidh freagracht as cúrsaí riaracháin i ndáil le feidhmiú an Phainéil. Is féidir leis na daoine sin a bheith i láthair ag cruinnithe de chuid an Phainéil.
- 2.6** Is féidir leis an bPainéal comhairleoir dlí a bheith i láthair tráth ar bith le linn na n-imeachtaí chun comhairle dlí agus cúnamh a chur ar fáil don Phainéal agus don rúnaíocht faoi ghné ar bith d'obair mheasúnóireachta an Phainéil i ndáil le hábhar a bith a thiocfaidh roimhe.
- 2.7** Sa chás go mbíonn duine den Phainéal ar an gCoiste Clárúcháin freisin, agus sa chás go bhfuil measúnú déanta ag an duine sin ar an iarratas ag céim an Phainéil, ní ghlacfaidh seisean nó sise páirt in imeachtaí an Ghrúpa sa chás go mbíonn iarrtha ag duine ar an nGrúpa athbheithniú a dhéanamh ar chinneadh an Phainéil sin.

3. An Grúpa Athbhreithnithe maidir le Cúrsaí Clárúcháin

- 3.1** Tá coiste ar a dtugtar an Coiste Clárúcháin curtha ar bun ag an gComhairle Mhúinteoireachta de bhun alt 24 an Achta.
- 3.2** Bíonn ar a laghad trí chomhalta déag ar an gCoiste Clárúcháin. Bíonn tromlach simplí d'iomlán na gcomhaltaí ag tráth an chruinnithe de dhíth maidir le córam ag cruinniú de chuid an Choiste.
- 3.3** Áirítear go dtagann faoi scáth bhearta an Choiste Clárúcháin, ag feidhmiú dó thar ceann na Comhairle, mar atá leagtha amach i gCód Cleachtais na Comhairle, athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí clárúcháin de chuid an Phainéil nuair a iarrann an múinteoir sin. Le linn don Choiste Clárúcháin beart den sórt sin a dhéanamh, tugtar an Grúpa Athbhreithnithe maidir le cúrsaí Clárúcháin air (an "Grúpa").
- 3.4** Cruinnithe príobháideacha is ea cruinnithe an Ghrúpa.
- 3.5** Beidh cúnaimh rúnaíochta ag an nGrúpa ó dhuine nó níos mó ná duine amháin d'fhoireann na Comhairle Múinteoireachta ar a mbeidh freagracht as cúrsaí riaracháin i ndáil le feidhmiú an Ghrúpa. Is féidir leis na daoine sin a bheith i láthair ag cruinnithe an Ghrúpa.
- 3.6** Is féidir leis an nGrúpa comhairleoir dlí a bheith i láthair tráth ar bith le linn na n-imeachtaí chun comhairle dlí agus cúnaimh a chur ar fáil don Ghrúpa agus don rúnaíocht faoi ghné ar bith d'obair mheasúnóireachta an Ghrúpa i ndáil le hábhar ar bith a thiocfaidh roimhe.
- 3.7** Sa chás go ndiúltaíonn an Painéal d'iarratas ar fhadú, tabharfar deis don iarratasóir athbhreithniú a iarraidh ar chinneadh an Ghrúpa.
- 3.8** D'fhonn amhras a sheachaint, is sa chás is go ndéantar iarratas ar fhadú agus go ndiúltaítear don iarratas sin, agus sa chás sin amháin, a gcuirfear deis ar fáil chun athbhreithniú a iarraidh. Mura ndéantar aon iarratas ar fhadú, rachaidh an múinteoir cláraithe i léig sa chlár dá dtagraítear dó ag alt 8.1 thíos, agus ní bheidh aon deis ar fáil chun athbhreithniú a dhéanamh.
- 3.9** Sa chás go mbíonn duine den Phainéal ar an gCoiste Clárúcháin freisin, agus sa chás go bhfuil measúnacht déanta ag an duine sin ar an iarratas ag céim an Phainéil, ní ghlacfaidh seisean nó sise páirt in imeachtaí an Ghrúpa sa chás is go bhfuil iarratas déanta ag múinteoir cláraithe ar athbhreithniú ar chinneadh an Phainéil diúltú don iarratas ar fhadú chun na coinníollacha a chomhlíonadh.
- 3.10** Is ag an nGrúpa Athbhreithnithe maidir le Cúrsaí Clárúcháin a bheidh an cinneadh deiridh.

4. Clárúchán le Coinníollacha

- 4.1** De réir alt 31(6)(b) den Acht, d'fhéadfadh an Chomhairle Mhúinteoireachta duine a chlárú faoi réir coinníollacha maidir le cleachtas gairmiúil iarcháilíochta (más ann dóibh) a mheasann an Chomhairle a bheith cuí lena n-áirítear coinníollacha mar phromhadh, Droichead, fostaíocht iarcháilíochta agus clár maidir le Ceardlanna Ionduchtúcháin. Comhlíonfar coinníollacha den chineál sin laistigh den tréimhse a bheidh sonraithe ag an gComhairle.
- 4.2** De réir alt 33(16)(c) den Acht, is féidir leis an gComhairle Mhúinteoireachta clárúchán múinteora cláraithe a athnuachan faoi réir coinníollacha den chineál sin (más ann dóibh) de réir mar a mheasfaidh an Chomhairle a bheith cuí agus comhlíonfar coinníollacha den chineál sin laistigh de thréimhse a bheidh sonraithe ag an gComhairle.
- 4.3** De réir na Rialachán, tabharfar clárúchán le coinníollacha do gach múinteoir nua-cháilithe a shásóidh critéir áirithe (i.e. múinteoirí a shásóidh riachtanais na Comhairle maidir le cáilíochtaí, ach nach bhfuil an tréimhse riachtanach de chleachtas gairmiúil tugtha chun críche fós acu) ag brath ar chleachtas gairmiúil faoi mhaoirseacht a thabhairt chun críche go rathúil, arna leagan amach ag an gComhairle.
- 4.4** Déantar foráil sna Rialúcháin chomh maith go bhféadfaí clárúchán le coinníollacha a thabhairt d'iarratasóir a thiocfaidh laistigh de scóip na Treorach maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla an AE ar feadh tréimhse sonraithe, d'fhonn ligeann don iarratasóir tréimhse oiriúnaithe nó tástáil inniúlachta a thabhairt chun críche.
- 4.5** Déantar foráil sna Rialachán go bhféadfaí clárúchán le coinníollacha a cheadú d'iarratasóirí as tríú tíortha nach dtagann laistigh de scóip na Treorach maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla an AE.

5. Prionsabail lena rialaítear iarratais ar fhadú chun Coinníollacha a chomhlíonadh

- 5.1** Sa chás is go bhfuil coinníollacha ag dul le clárú múinteora cibé más ag céim an chlárucháin tosaigh é nó ag an gcéim a bhfuil an clárúchán le hathnuachan, agus go bhfuil teipthe ar an múinteoir na coinníollacha laistigh den tréimhse shonraithe a chomhlíonadh, is féidir leis nó léi iarratas i scríbhinn a chur ar aghaidh chuig an gComhairle Mhúinteoireachta ar fhadú chun na coinníollacha a chomhlíonadh.
- 5.2** Ní mór iarratas ar fhadú a bheith déanta sula mbeidh an tréimhse shonraithe imithe in éag. Ní mór an t-iarratas a dhéanamh ar an modh atá leagtha síos ag an gComhairle Mhúinteoireachta.
- 5.3** Féachfaidh an Painéal agus an Grúpa le gníomhú go réasúnach agus i gcomhréir leis an eolas atá ar fáil.
- 5.4** Tabharfaidh an Painéal agus an Grúpa gach eolas atá ar fáil a bhaineann le hábhar san áireamh.
- 5.5** Déanfaidh an Painéal agus an Grúpa gach eolas a mheas ar bhealach cuimsitheach comhréireach, leis an aird chuí ar leas an phobail, lena n-áirítear
- Muinín an phobail i ngairm na múinteoireachta a chaomhnú; agus
 - An tábhacht a bhaineann le cloí leis na caighdeáin chearta sa ghairm.
- 5.6** Beifear ag súil go mbeidh múinteoirí cláraithe a bheidh ag déanamh iarratais ar fhadú chun na coinníollacha a chomhlíonadh ábalta fianaise ar na hiarrachtaí a rinne siad na coinníollacha sin a chomhlíonadh a chur ar fáil.
- 5.7** D'fhéadfadh an Painéal agus an Grúpa, nuair a bheifear ag meas cibé ar chóir iarratas ar fhadú chun na coinníollacha a chomhlíonadh a cheadú, aird a bheith acu ar roinnt de na tosca seo a leanas nó ar iomlán na dtosca seo a leanas
- Na cúiseanna a cuireadh ar fáil i ndáil leis an mainneachtain na coinníollacha a chomhlíonadh;
 - An t-achar ama atá an múinteoir cláraithe ar an gclár;
 - Cibé ar tugadh fadú roimhe seo;
 - An méid iarrachta a rinne an múinteoir cláraithe chun na coinníollacha a chomhlíonadh;
 - An toradh a bhí ar iarrachtaí roimhe seo na coinníollacha a chomhlíonadh, agus aon ábhar nó cáipéisíocht a thacaíonn leis sin;
 - Cibé an bhfuil an múinteoir ag obair (nó go raibh an múinteoir ag obair) mar mhúinteoir, agus mura raibh, na cúiseanna atá leis sin;
 - Cibé an bhfuil an múinteoir ag obair nó go raibh an múinteoir ag obair i dtimpeallacht incháilithe mar mhúinteoir chun comhlíonadh a chumasú, agus mura raibh, na cúiseanna atá leis sin;
 - An méid iarrachtaí, más ann dóibh, a rinneadh chun fostaíocht i dtimpeallacht incháilithe a bhaint amach;
 - An méid comhoibrithe agus rannpháirtíochta a bhí ag an múinteoir cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta maidir leis na coinníollacha.
- 5.8** Ní liosta sáriomlán an liosta thuas

6. Céim an Choiste Clárúcháin

- 6.1** Sa chás go ndéanann múinteoir iarratas ar fhadú chun na coinníollacha a chomhlíonadh, d'fhéadfaí an t-iarratas a chur ar aghaidh chuig an bPainéal lena bhreithniú.
- 6.2** D'fhéadfaí faisnéis bhreise a lorg ón múinteoir, nó ó aon duine, eagraíocht nó gníomhaireacht eile a bhaineann le hábhar, chun aon chuid den fhaisnéis a chuir an múinteoir faoi bhráid mar chuid den iarratas atá déanta ar fhadú a dheimhniú.
- 6.3** Déanfar aon cháipéisíocht bhreise a thagann isteach a chur ar fáil don mhúinteoir cláraithe sula ndéanann an Painéal cinneadh agus tabharfar deis don mhúinteoir cláraithe freagra i scríbhinn a chur faoi bhráid an Phainéil.
- 6.4** Má shocraíonn an Painéal fadú a cheadú, tabharfar tréimhse bhreise ama don mhúinteoir na coinníollacha a bhaineann lena clárú/lena chlárú a chomhlíonadh.
- 6.5** Má shocraíonn an Painéal gan fadú a cheadú, cuirfear an cinneadh sin in iúl don mhúinteoir. Cuirfear an múinteoir ar an eolas chomh maith maidir leis an gceart atá aige/aici athbhreithniú ar chinneadh an Phainéil a dhéanamh chuig an nGrúpa.
- 6.6** Tabharfaidh an Painéal cúiseanna leis an gcinneadh.

7. Céim an Ghrúpa Athbhreithnithe maidir le Cúrsaí Clárúcháin

- 7.1** Ní mór aon iarratas a dhéanann múinteoir ar athbhreithniú de chuid an Ghrúpa a bheith i scríbhinn. Ní mór an t-iarratas sin a dhéanamh laistigh de thréimhse 21 lá féilire ó thagann cinneadh an Phainéil chuig an iarratasóir.
- 7.2** Tabharfar deis don mhúinteoir aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh agus aon fhaisnéis bhreise agus/nó cáipéisíocht a bhaineann le hathbhreithniú an Ghrúpa ar chinneadh an Phainéil a chur ar fáil. Cuirfear aon eolas breise agus/nó cáipéisíocht a fhaightear, in éineacht leis an gcaipéisíocht a cuireadh faoi bhráid an Phainéil roimhe sin, ar fáil lena mbreithniú ag an nGrúpa.
- 7.3** Is féidir leis an nGrúpa faisnéis bhreise a lorg. Is féidir leis an nGrúpa eolas a lorg ón múinteoir, nó ó aon duine, eagraíocht nó gníomhaireacht eile a bhaineann le hábhar, d'fhonn aon chuid den fhaisnéis a chuir an múinteoir faoi bhráid a dheimhniú.
- 7.4** Tabharfaidh an Grúpa an cháipéisíocht ar fad a chuirtear ar fáil dó agus aon chur faoi bhráid a rinneadh a mheas.
- 7.5** Déanfar an cháipéisíocht ar fad a thagann isteach a chur ar fáil don mhúinteoir sula ndéanann an Grúpa cinneadh.
- 7.6** Déanfaidh an Grúpa cinneadh an Phainéil, an cháipéisíocht ar fad a cuireadh ar fáil agus aon chur faoi bhráid a rinneadh a mheas agus is féidir cinneadh a dhéanamh:
 - (a) An t-iarratas ar fhadú a cheadú chun coinníollacha a chomhlíonadh, nó
 - (b) An t-iarratas ar fhadú a dhiúltú chun coinníollacha a chomhlíonadh
- 7.7** Is ag an nGrúpa a bheidh an cinneadh deiridh.
- 7.8** Tabharfaidh an Grúpa cúiseanna leis an gcinneadh.

8. Teipeadh na Coinníollacha laistigh den tréimhse shonraithe nó aon fhadú ar an tréimhse shonraithe a chomhlíonadh

- 8.1** Sa chás is go bhfuil coinníoll ag dul le clárú múinteora chláraithe, cibé más ag céim an chlárúcháin tosaigh é nó ag an gcéim a bhfuil an clárúchán le hathnuachan, agus go dteipeann an múinteoir na coinníollacha laistigh den tréimhse shonraithe a chomhlíonadh, nó laistigh d'aon fhadú ar an tréimhse shonraithe, rachaidh an múinteoir i léig sa chlár.
- 8.2** Mar sin, mura ndéanfaidh múinteoir cláraithe iarratas ar fhadú, rachaidh an múinteoir i léig sa chlár.

9. Ginearálta

- 9.1** Ní fhágann neamhchomhréireacht leis an Nós Imeachta nach bailí imeachtaí ná bearta a rinneadh mura dtugann an Painéal nó an Grúpa Athbhreithnithe maidir le Clárúchán, de réir thosca an cháis, de threoir nach ea. Is féidir imeachtaí nó bearta dá leithéid a chur de leataobh go hiomlán nó i bpáirt toisc mírialtacht, nó iad a leasú nó déileáil leo ar bhealach eile ar mhodh nó i dtéarmaí a mheasann an Painéal nó an Grúpa Athbhreithnithe maidir le Clárúchán, de réir thosca an cháis, a bheith oiriúnach.
- 9.2** Ní bhaineann Alt 9.1 ón gceangal forálacha faoin reachtaíocht agus na Rialacháin a chomhlíonadh.
- 9.3** Féachfaidh an Painéal agus an Grúpa Athbhreithnithe maidir le Clárúchán le hiarratais a phróiseáil chomh luath agus is féidir, ach sin le haird ar chúrsaí an chirt agus ar shrianta riaracháin a thabhairt san áireamh chomh maith.
- 9.4** Feidhmeoidh an Painéal agus an Grúpa Athbhreithnithe maidir le Clárúchán de réir phrionsabail an nós imeachta cóir i gcónaí.
- 9.5** D'aontaigh an Chomhairle an Nós Imeachta de réir chomhairle ón gCoiste Clárúcháin agus déanfar an nós imeachta a chur faoi athbhreithniú ó thráth de chéile de réir mar is gá.
- 9.6** Ní dhéanfar aon leasú ar na Nósanna Imeachta seo gan fógra faoin leasú beartaithe a chur go foirmeálta faoi bhráid chruinniú den Choiste Clárúcháin.

An Chomhairle Mhúinteoireachta

Bloc A, Campus Gnó Mhaigh Nuad,
Maigh Nuad, Co. Chill Dara, W23 Y7X0, Éire

LóGhlao 1890 224 224

Fón +353 1 651 7900

Facs +353 1 651 7901

Rphost info@teachingcouncil.ie

www.teachingcouncil.ie

An Chomhairle
Mhúinteoireachta 
The Teaching Council